C/2026/6053

18.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12684 — AMTRUST BERMUDA I / BIG WAKAM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6053)

1. An 9 Samhain 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AmTrust Bermuda I Ltd. ('AmTrust') (Beirmiúda), faoi rialú AmTrust International Insurance Ltd. (Beirmiúda),

— Big Wakam SAS ('Big Wakam') (an Fhrainc), máthairchuideachta ghrúpa árachais Wakam ('Wakam Group'), faoi rialú Opera Finance S.A. (Lucsamburg).

Gheobhaidh AmTrust rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Big Wakam SAS agus, go hindíreach, ar Wakam Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Freastalaíonn grúpa AmTrust ar ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus ar dhaoine aonair den chuid is mó, i mbreis agus 80 tír. Cumhdaíonn a ghníomhaíochtaí trí phríomhréimse gnó:

  (i) AmTrust Insurance: Árachas réadmhaoin tráchtála agus taismigh i Meiriceá Thuaidh;

  (ii) AmTrust Risk Solutions: Rioscaí speisialtachta, lena n-áirítear barántas sínithe, i Meiriceá Thuaidh;

  (iii) AmTrust Idirnáisiúnta: Árachas idirnáisiúnta, lena n-áirítear baránta, míchleachtas leighis, costais dlí, línte gairmiúla, réadmhaoin agus árachas morgáiste agus creidmheasa.

— Is é Big Wakam máthairchuideachta Wakam Group, grúpa nach bhfuil gníomhach ach in árachas neamhshaoil. I samhail leabaithe gnólacht le gnólacht le tomhaltóir ('B2B2C'), déanann sé táirgí árachais lipéid bháin a dhearadh agus a fhrithghealladh a ndéanann comhpháirtithe tríú páirtí iad a dháileadh, go príomha sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12684 — AMTRUST BERMUDA I / BIG WAKAM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË